

An chuid oibríochtúil

Ní gá rialú a thabhairt ar an iarraidh ar réamhrialú ó Juzgado de Primera Instancia no 4 de Castelló de la Plana (Cúirt Chéadcheime, Uimh. 4, Castelló de la Plana, an Spáinn) le cinneadh an 7 Bealtaine 2021.

(¹) IO C 382, 20.9.2021.

Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Bheilg) – Tilman SA v Unilever Supply Chain Company AG

(Cás C-358/21) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlíne agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála – Coinbhinsiún Lugano II – Clásal maidir le rogha cúirte – Ceanglais fhoirmiúla – Clásal a áirítear sna téarmaí agus coinníollacha ginearálta – Téarmaí agus coinníollacha ginearálta a d'fhéadfaí breathnú orthu agus a phriontáil ó nasc hipirtéacs a luaitear i gconradh arna thabhairt i gcrích i scríbhinn – Comhthoil na bpáirtithe)

(2023/C 24/13)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Cour de cassation

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Tilman SA

Cosantóir: Unilever Supply Chain Company AG

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 23(1) agus (2) den Choinbhinsiún maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a síníodh an 30 Deireadh Fómhair 2007, lena ndearna a thabhairt i gcrích a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2009/430/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2008,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tugtar clásal maidir le rogha cúirte i gcrích go bailí i gcás ina bhfuil sé sna téarmaí agus sna coinníollacha ginearálta dá dtagraíonn an Conradh arna thabhairt i gcrích i scríbhinn trí nasc hipeartéacs a chur san áireamh chuig suíomh gréasáin, rochtain ar a gceadaítear na téarmaí agus coinníollacha ginearálta sin a fheiceáil, a íoslódáil agus a phriontáil sula sínítear an Conradh sin, gan an páirtí a oibríonn an clásal ina gcoinne gur iarraidh go foirmiúil orthu glacadh leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta sin trí tic a chur i mbosca ar an suíomh gréasáin sin.

(¹) IO C 338, 23.8.2021.